

Comhdháil Mheiriceánach don Léann Éireannach
Ollscoil Uladh, Doire, 2 – 5 Meitheamh 2021
www.acis2021.com

Dúchas, Leigheas agus Baile

Agus muid ag comóradh 1500 bliain ó rugadh Colm Cille, tá an-áthas orainn cuireadh a thabhairt do scoláirí an Léinn Éireanaigh teacht le chéile i nDoire, an chathair mhúrtha ársa agus áit chónaithe fhear na síochána, John Hume, chun machnamh a dhéanamh ar théamaí an Dúchais, an Leighis agus an Bhaile.

So hope for a great sea-change
on the far side of revenge.
Believe that a further shore
is reachable from here.
Believe in miracles
and cures and healing wells.

- Sliocht as “The Cure at Troy” le Seamus Heaney

Ón áit a dtagann Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Cósta an Chlocháin le chéile, cuirimid gairm trasna an Atlantaigh le haghaidh páipéar agus moltaí painéal i ngach réimse den Léann Éireannach agus cuirimid fáilte roimh leith roimh ábhar a bhaineann le téamaí nab liana seo eadhon **Dúchas, Leigheas agus Baile**.

I measc na n-ábhar a d’fhéadfadh a bheith i gceist tá:

Leigheas	Dúchas	Baile
<ul style="list-style-type: none">• Síocháin agus Coimhlínt• Próiseas na Síochána<ul style="list-style-type: none">• Éadulaingt• Ceartas Sóisialta, Comhionannas agus Freagracht	<ul style="list-style-type: none">• Naisc thrasatlantacha; Éire & Meiriceá• Dáimh, cumha agus cuimhne chomhroinnte• An spás cultúrtha a athbheochan• Leagáid agus “Iar-Choimhlínt” Smaointeoireacht, Litríocht, Drámaíocht	<ul style="list-style-type: none">• Éire Nua• Éire Ilchultúrtha• Saol daoine gorma in Éirinn• Scéalta faoi cheilte• Athrú Bunreachtúil: Críochdheighilt, Ardcheannas, Breatimeacht

Fáiltímid roimh pháipéir as Gaeilge.

Mar gheall ar an aimsir ina bhfuil muid, is ócáid hibrídeach a bheidh sa chomhdháil seo le roghanna ann maidir le freastal fisiciúil (de réir rialacha agus rialacháin áitiúla agus idirnáisiúnta a bheidh i bhfeidhm ag an am) nó freastal fíorúil. I measc imeachtaí na comhdhála beidh léirithe ó ealaíontóirí áitiúla agus turais fhisiciúla nó fhíorúla ar shainchomharthaí tíre áitiúla agus institiúidí cultúrtha.

Treoirínite maidir le moltaí a chur isteach: Cuirtear fáilte roimh pháipéir aonair agus ábhar painéil (3-4 rannpháirtí), mar aon le tograí le haghaidh cur i láthair i bhformáidí neamhthraidisiúnta mar chruinnithe comhstádais, díospóireachtaí, nó seimineáir. Ba chóir go mbeadh achoimrí 250 focal ar fhad agus ba chóir go mbeadh beathaisnéis ghairid (100 focal) den údar leo. Ba chóir tograí a chur isteach trí www.acis2021.com. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil rannpháirtíocht in ACIS 2021 ar fáil ach do chomhaltaí Chomhdháil Mheiriceánach don Staidéar Éireannach a bhfuil seasamh maith acu. Is féidir sonraí maidir le bheith páirteach in ACIS nó do bhallaíocht a athnuachan ag www.acisweb.org.

Breithneofar tograí ar bhonn rollach, ach is é Dé Máirt 15 Nollaig 2020 ag 5pm an spriocdháta deiridh. Cuirfear aiseolas ar fáil faoin Aoine 29 Eanáir 2021.

Ceisteanna? Seol ríomhphost chuig: acis2021@abbey.ie